TREOIRLÍNTE

TREOIRLÍNE (AE) 2023/831 ÓN mBANC CEANNAIS EORPACH

an 16 Nollaig 2022

lena leasaítear Treoirlíne (AE) 2015/510 maidir le cur chun feidhme chreat beartais airgeadaíochta an Eurochórais *(BCE/2022/48)*

TÁ COMHAIRLE RIALAITHE AN BHAINC CEANNAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe an chéad fhleasc d'Airteagal 127(2) de,

Ag féachaint do Reacht an Chórais Eorpaigh Banc Ceannais agus an Bhainc Cheannais Eorpaigh, agus go háirithe an chéad fhleasc d'Airteagal 3.1, Airteagail 9.2, 12.1, 14.3 agus 18.2 agus an chéad mhír d'Airteagal 20 de,

De bhrí an méid seo a leanas:

(1) Chun beartas airgeadaíochta aonair a bhaint amach, ní mór na huirlisí, na hionstraimí agus na nósanna imeachta a bheidh le húsáid ag an Eurochóras a shainiú chun beartas den sórt sin a chur chun feidhme ar bhealach aonfhoirmeach ar fud na mBallstát a bhfuil an euro mar airgeadra acu.

(2) I gcomhréir leis an dara fleasc d'Airteagal 18.1 de Reacht an Chórais Eorpaigh Banc Ceannais agus an Bhainc Cheannais Eorpaigh, féadfaidh an Banc Ceannais Eorpach (BCE) agus na bainc cheannais náisiúnta na mBallstát a bhfuil an euro mar airgeadra acu (dá ngairtear "BCNanna" anseo feasta) oibríochtaí creidmheasa a sheoladh le hinstitiúidí creidmheasa agus le rannpháirtithe eile sa mhargadh, agus na hiasachtaí á mbunú ar bhonn comhthaobhachta leordhóthanaí.

(3) D'fhonn leordhóthanacht chomhthaobhacht an Eurochórais a chosaint, tá sócmhainní incháilithe arna bhforscaoileadh mar chomhthaobhacht le haghaidh oibríochtaí creidmheasa an Eurochórais faoi réir bearta rialaithe riosca sonracha chun an Eurochórais a chosaint ar chaillteanais airgeadais i gcúinsí ina gcaithfear an chomhthaobhacht a réadú mar gheall ar mhainneachtain contrapháirtí. Déantar athbhreithniú rialta ar chreat rialaithe riosca an Eurochórais chun cosaint leordhóthanach a áirithiú.

(4) Mar thoradh ar an athbhreithniú rialta ar an gcreat rialaithe riosca le haghaidh oibríochtaí creidmheasa an Eurochórais, agus ós rud é go bhfuil próifíl riosca na mbannaí reachtacha eile faoi chumhdach agus *multi cédulas* comhchosúil le próifíl riosca na mbannaí ollmhóra faoi chumhdach, ar 15 Iúil 2022 chinn an Chomhairle Rialaithe gur cheart iad a bheith faoi réir na luachálacha caolchorrlaigh céanna, agus, dá bhrí sin, gur cheart gach banna faoi chumhdach reachtach agus gach *multi cédulas* a áireamh i gcaolchorrlach chatagóir II. Dá bhrí sin, is rud é nach bhfuil idirdhealú ann a thuilleadh idir bannaí ollmhóra faoi chumhdach agus cineálacha eile bannaí faoi chumhdach reachtacha i gcreat beartais airgeadaíochta an Eurochórais, ba cheart tagairtí do bhannaí ollmhóra faoi chumhdach a bhaint de Threoirlíne (AE) 2015/510 ón mBanc Ceannais Eorpach (BCE/2014/60) [1].

(5) Dá bhrí sin, ba cheart Treoirlíne (AE) 2015/510 (BCE/2014/60) a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN TREOIRLÍNTE SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasuithe

Leasaítear Treoirlíne (AE) 2015/510 (BCE/2014/60) mar a leanas:

(1) in Airteagal 2, scriostar pointe (48);

(2) leasaítear Iarscríbhinn XII i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Treoirlíne seo.

[1] Treoirlíne (AE) 2015/510 ón mBanc Ceannais Eorpach an 19 Nollaig 2014 maidir le creat beartais airgeadaíochta an Eurochórais a chur chun feidhme (Treoirlíne maidir le Doiciméadacht Ghinearálta) (BCE/2014/60) (IO L 91, 2.4.2015, lch. 3).

Airteagal 2

Teacht i bhfeidhm agus cur chun feidhme

1. Tiocfaidh an Treoirlíne seo i bhfeidhm an lá a dthabharfar fógra faoi do BCNanna.

2. Glacfaidh BCNanna na bearta is gá chun an Treoirlíne seo a chomhlíonadh agus cuirfidh siad i bhfeidhm iad ón 29 Meitheamh 2023. Cuirfidh siad na téacsanna agus na meáin a bhaineann leis na bearta sin in iúl don BCE 17 Feabhra 2023 ar a dhéanaí.

Airteagal 3

Seolaithe

Dírítear an Treoirlíne seo ar gach banc ceannais an Eurochórais.

Arna dhéanamh in Frankfurt am Main, an 16 Nollaig 2022.

Do Chomhairle Rialaithe an BCE
Uachtarán an BCE
Christine LAGARDE

IARSCRÍBHINN

In Iarscríbhinn XII de Threoirlíne (AE) 2015/510 (BCE/2014/60), cuirtear an méid seo a leanas in ionad Roinn VI:

"VI. SAMPLA 6: BEARTA RIALAITHE RIOSCA

1. Léiríonn an sampla seo an creat rialaithe riosca a chuirtear i bhfeidhm ar shócmhainní a shlógtar mar chomhthaobhacht in oibríochtaí creidmheasa an Eurochórais. Tá sé bunaithe ar an toimhde, agus an gá le glao ar éarlaisí á ríomh, go gcuirtear ús fabhraithe ar an leachtacht a sholáthraítear san áireamh agus go gcuirtear pointe truicir de 0,5 % den leachtacht a sholáthraítear i bhfeidhm. Tá an sampla bunaithe ar an toimhde go nglacann contrapháirtí páirt sna hoibríochtaí beartais airgeadaíochta Eurochórais seo a leanas:

   (a) príomhoibríocht athmhaoinithe ag tosú an 21 Meán Fómhair 2022 agus ag críochnú an 28 Meán Fómhair 2022 i gcás ina gcionroinntear don chontrapháirtí EUR 50 milliún ag ráta úis 1,25 %;

   (b) oibríocht athmhaoinithe níos fadthéarmaí ag tosú an 22 Meán Fómhair 2022 agus ag críochnú an 21 Nollaig 2022 i gcás ina gcionroinntear don chontrapháirtí EUR 45 milliún ag ráta úis 1,25 %;

   (c) príomhoibríocht athmhaoinithe ag tosú an 28 Meán Fómhair 2022 agus ag críochnú an 5 Deireadh Fómhair 2022 i gcás ina gcionroinntear don chontrapháirtí EUR 35 milliún ag ráta úis 1,25 %.

2. Sonraítear tréithe na sócmhainní indíolta a úsáideann an contrapháirtí chun na hoibríochtaí seo a chumhdach i dTábla 1.

Tábla 1

Sócmhainní indíolta a shlógtar sna hidirbhearta

Saintréithe

Ainm	Aicme sócmhainne	Dáta aibíochta	Sainmhíniú cúpóin	Minicíocht an chúpóin	Aibíocht iarmhair	CQS	Caolchorr-lach (%)
Sócmhainn A	Banna faoi chumhdach	21.12.2026	Ráta seasta	6 mhí	4 bliana	1-2	2,50
Sócmhainn B	Banna rialtais láir	24.2.2027	Ráta athraitheach	12 mhí	4 bliana	1-2	1,50
Sócmhainn C	Banna corparáideach	24.1.2035	Ráta cúpóin nialasaigh		12 bliana	1-2	10,00

Praghsanna i gcéatadáin (lena n-áirítear ús fabhraithe) (*)

21.9.2022	22.9.2022	23.9.2022	26.9.2022	27.9.2022	28.9.2022	29.9.2022
101,61	101,21	99,50	99,97	99,73	100,01	100,12
	98,62	97,95	98,15	98,56	98,59	98,57
					53,71	53,62

(*) Freagraíonn na praghsanna a thaispeántar do dháta luachála ar leith don phraghas is ionadaí ar an lá gnó roimh an dáta luachála seo.

CÓRAS COMHARTHAITHE

Ar dtús, glactar leis go ndéantar na hidirbhearta le banc ceannais náisiúnta (BCN) ag baint úsáide as córas ina bhfuil sócmhainní bunúsacha curtha in áirithe do gach idirbheart. Déantar luacháil na sócmhainní a shlógadh mar chomhthaobhacht ar bhonn laethúil. Féadtar cur síos a dhéanamh ar an gcreat rialaithe riosca mar seo a leanas (féach Tábla 2 thíos freisin):

1. An 21 Meán Fómhair 2022, déanann an contrapháirtí idirbheart iasachta comhthaobhaithe leis an BCN, a fhaigheann EUR 50,6 milliún de Shócmhainn A. Is éard atá i Sócmhainn A ná banna faoi chumhdach a bhfuil cúpón seasta ag aibiú an 21 Nollaig 2026 aige agus arna leithdháileadh ar chreidmheas céim cáilíochta 1-2. Mar sin tá aibíocht iarmharach ceithre bliana aige, agus dá bhrí sin teastaíonn caolchorrlach luachála de 2,5 %. Is é praghas margaidh Sócmhainn A ar a mhargadh tagartha an lá sin ná 101,61 %, lena n-áirítear an t-ús fabhraithe ar an gcúpón. Ceanglaítear ar an gcontrapháirtí méid Sócmhainne A a sholáthar, a sháraíonn an méid leithroinnte de EUR 50 milliún, tar éis an caolchorrlach luachála de 2,5 % a asbhaint. Dá bhrí sin seachadann an contrapháirtí Sócmhainn A ar mhéid ainmniúil EUR 50,6 milliún, agus is ionann margadhluach coigeartaithe i gcás caolchorrlaigh agus EUR 50 129 294 an lá sin.

2. An 22 Meán Fómhair 2022, déanann an contrapháirtí idirbheart athcheannaigh leis an BCN, a cheannaíonn EUR 21 milliún de Shócmhainn A (praghas margaidh 101,21 %, caolchorrlach luachála 2,5 %) agus EUR 25 milliún de Shócmhainn B (praghas margaidh 98,62 %). Is banna rialtais láir é Sócmhainn B le híocaíochtaí cúpón ar ráta athraitheach agus cionroinnte ar chéim 1-2 ar cháilíocht chreidmheasa, a gcuirtear caolchorrlach luachála de 1,5 % i bhfeidhm air. Is ionann margadhluach Sócmhainn A agus Sócmhainn B arna gcoigeartú ag caolchorrlachan an lá sin agus EUR 45 007 923, agus mar sin tá sé níos mó ná an méid riachtanach EUR 45 000 000.

3. An 22 Meán Fómhair 2022, déantar athluacháil ar na sócmhainní atá mar bhunús leis an bpríomhoibríocht athmhaoinithe a tionscnaíodh an 21 Meán Fómhair 2022. Le praghas margaidh de 101,21 %, tá luach margaidh Sócmhainn A arna choigeartú ag caolchorrlach fós laistigh de na méideanna truicir is ísle agus is airde. Dá bhrí sin, meastar dá bhrí sin go bhfreastalaíonn an chomhthaobhacht a shlógadh i dtosach ar an méid tosaigh leachtachta a cuireadh ar fáil agus ar an ús fabhraithe arb ionann é agus EUR 1 736.

4. An 23 Meán Fómhair 2022, athluacháiltear na bunsócmhainní: is ionann praghas margaidh Sócmhainn A agus 99,50 % agus is ionann praghas margaidh Sócmhainn B agus 97,95 %. Is ionann ús fabhraithe agus EUR 3 472 ar an bpríomhoibríocht athmhaoinithe a tionscnaíodh an 21 Meán Fómhair 2022 agus EUR 1 563 ar an oibríocht athmhaoinithe níos fadtéarmaí a tionscnaíodh an 22 Meán Fómhair 2022. Mar thoradh air sin, titeann margadhluach coigeartaithe i gcás caolchorrlaigh Sócmhainn A sa chéad idirbheart faoi mhéid an idirbhirt atá le cumhdach, i.e. an leachtacht arna soláthar móide an t-ús fabhraithe, le EUR 915 147, ach faoi bhun an leibhéil truicir níos ísle de EUR 49 753 455.

   Seachadann an contrapháirtí EUR 950 000 de Shócmhainn A i dtéarmaí luacha ainmniúla, rud a dhéanann, tar éis caolchorrlach de 2,5 % a asbhaint ón luach margaidh bunaithe ar phraghas 99,50 %, cumhdach comhthaobhachta leordhóthanach a athbhunú. Féadfaidh BCNanna glaonna ar éarlaisí a dhéanamh in airgead tirim seachas in urrúis.

   Tá gá le glao ar éarlaisí freisin don dara idirbheart ós rud é go bhfuil margadhluach coigeartaithe i gcás caolchorrlaigh na mbunsócmhainní a úsáidtear san idirbheart seo (EUR 44 492 813) faoi bhun an leibhéil truicir is ísle (EUR 44 776 555). Mar sin soláthraíonn an contrapháirtí EUR 550 000 de Shócmhainn B ar margadhluach arna choigeartú ag caolchorrlach de EUR 530 644.

5. An 26 Meán Fómhair 2022, déantar na sócmhainní bunúsacha a athluacháil, gan aon ghlaoch ar éarlaisí, a bheith mar thoradh ar na hidirbhearta a rinneadh an 21 agus an 22 Meán Fómhair 2022.

   An 27 Meán Fómhair 2022 nochtann athluacháil na sócmhainní atá mar bhunús leis an oibríocht athmhaoinithe fhadtéarmach a tionscnaíodh an 22 Meán Fómhair 2022 go sáraíonn luach margaidh coigeartaithe na sócmhainní a sholáthraítear an leibhéal spreagthaigh uachtarach agus go dtugann an BCN EUR 300 000 de Shócmhainn B ar ais i luach ainmniúil don chontrapháirtí. Dá gcaithfeadh an BCN corrlach a íoc leis an gcontrapháirtí i ndáil leis an dara idirbheart, d'fhéadfaí corrlach den sórt sin a ghlanadh amach i gcásanna áirithe leis an gcorrlach a d'íoc an contrapháirtí leis an BCN i ndáil leis an gcéad idirbheart. Mar thoradh air sin, ní bheadh ann ach socrú corrlaigh amháin.

6. An 28 Meán Fómhair 2022, aisíocann an contrapháirtí an leachtacht a cuireadh ar fáil faoin bpríomhoibríocht athmhaoinithe a tionscnaíodh an 21 Meán Fómhair 2022, lena n-áirítear leas fabhraithe EUR 12 153. Tugann an BCN EUR 51 550 000 de Shócmhainn A ar ais i luach ainmniúil.

An lá céanna déanann an contrapháirtí idirbheart iasachta comhthaobhaithe nua leis an BCN, a cheannaíonn EUR 72,5 milliún de Shócmhainn C i dtéarmaí luacha ainmniúla. Ós rud é gur banna corparáideach cúpóin nialasaigh é Sócmhainn C le haibíocht iarmharach 12 mbliana agus arna leithdháileadh ar chéim 1-2 ar cháilíocht chreidmheasa, a bhfuil gá le caolchorrlach luachála de 10 %, is ionann an luach margaidh comhfhreagrach atá coigeartaithe le caolchorrlach an lá sin agus EUR 35 045 775.

CÓRAS COMHTHIOMSAITHE

Ar an dara dul síos, glactar leis go ndéantar na hidirbhearta le BCN ag baint úsáide as córas comhthiomsaithe i gcás nach bhfuil sócmhainní a áirítear sa chomhthiomsú sócmhainní a úsáideann an contrapháirtí curtha in áirithe d'idirbhearta ar leith:

1. Úsáidtear an t-ord céanna idirbheart sa sampla seo agus atá sa sampla thuas ina léirítear córas comharthaithe. Is í an phríomhdhifríocht ná, ar na dátaí athluachála, nach mór do margadhluach arna choigeartú ag caolchorrlach na sócmhainní go léir sa chomhthiomsú méid iomlán oibríochtaí uile an chontrapháirtí leis an BCN a chumhdach. Tá an glao ar éarlaisí de EUR 1 423 897 a tharla an 23 Meán Fómhair 2022 comhionann sa sampla seo leis an gceann a éilítear i gcás an chórais chomharthaithe. Seachadann an contrapháirtí EUR 1 500 000 de Shócmhainn A i dtéarmaí luacha ainmniúla, rud a dhéanann, tar éis caolchorrlach de 2,5 % a asbhaint ón luach margaidh bunaithe ar phraghas 99,50 %, cumhdach comhthaobhachta leordhóthanach a athbhunú.

2. Thairis sin, an 28 Meán Fómhair 2022, nuair a aibíonn an phríomhoibríocht athmhaoinithe a rinneadh an 21 Meán Fómhair 2022, féadfaidh an contrapháirtí na sócmhainní a choinneáil ar a chuntas comhthiomsaithe. Féadtar sócmhainn a mhalartú freisin ar shócmhainn eile mar a thaispeántar sa sampla, nuair a chuirtear EUR 72,5 milliún de Shócmhainn C i luach ainmniúil in ionad EUR 52,1 milliún de Shócmhainn A chun an leachtacht a sholáthraítear agus an t-ús fabhraithe a chumhdach faoi gach oibríocht athmhaoinithe.

3. Déantar cur síos ar an gcreat rialaithe riosca sa chóras comhthiomsaithe i dTábla 3.

Tábla 2

Córas Comharthaithe

Dáta	Idirbhearta gan íoc	Dáta tosaigh	Dáta deiridh	Ráta úis (%)	Leachtacht curtha ar fáil	Ús fabhraithe	Méid iomlán le cumhdach	Méid truicir íochtarach	Méid truicir uachtarach	Margadhluach arna choigeartú ag caolchorrlach	Glao ar éarlaisí
21.9.2022	Príomh-athmhaoiniú	21.9.2022	28.9.2022	1,25	50 000 000	—	50 000 000	49 750 000	50 250 000	50 129 294	
22.9.2022	Príomhathmhaoiniú	21.9.2022	28.9.2022	1,25	50 000 000	1 736	50 001 736	49 751 727	50 251 745	49 931 954	
	Athmhaoiniú níos fadtéarmaí	22.9.2022	21.12.2022	1,25	45 000 000	—	45 000 000	44 775 000	45 225 000	45 007 923	
23.9.2022	Príomhathmhaoiniú	21.9.2022	28.9.2022	1,25	50 000 000	3 472	50 003 472	49 753 455	50 253 490	49 088 325	– 915 147
	Athmhaoiniú níos fadtéarmaí	22.9.2022	21.12.2022	1,25	45 000 000	1 563	45 001 563	44 776 555	45 226 570	44 492 813	– 508 750
26.9.2022	Príomhathmhaoiniú	21.9.2022	28.9.2022	1,25	50 000 000	8 681	50 008 681	49 758 637	50 258 724	50 246 172	
	Athmhaoiniú níos fadtéarmaí	22.9.2022	21.12.2022	1,25	45 000 000	6 250	45 006 250	44 781 219	45 231 281	45 170 023	
27.9.2022	Príomhathmhaoiniú	21.9.2022	28.9.2022	1,25	50 000 000	10 417	50 010 417	49 760 365	50 260 469	50 125 545	
	Athmhaoiniú níos fadtéarmaí	22.9.2022	21.12.2022	1,25	45 000 000	7 813	45 007 813	44 782 773	45 232 852	45 515 311	507 499
28.9.2022	Príomhathmhaoiniú	28.9.2022	5.10.2022	1,25	35 000 000	—	35 000 000	34 825 000	35 175 000	35 045 775,00	
	Athmhaoiniú níos fadtéarmaí	22.9.2022	21.12.2022	1,25	45 000 000	9 375	45 009 375	44 784 328	45 234 422	44 997 612,88	
29.9.2022	Príomhathmhaoiniú	28.9.2022	5.10.2022	1,25	35 000 000	1 215	35 001 215	34 826 209	35 176 221	34 987 050,00	
21.9.2022	Athmhaoiniú níos fadtéarmaí	22.9.2022	21.12.2022	1,25	45 000 000	10 938	45 010 938	44 785 883	45 235 992	45 015 161,13	

Tábla 3

Córas Comhthiomsaithe

Dáta	Idirbhearta gan íoc	Dáta tosaigh	Dáta deiridh	Ráta úis (%)	Leachtacht curtha ar fáil	Ús fabhraithe	Méid iomlán le cumhdach	Méid truicir íochtarach [1]	Méid truicir uachtarach [2]	Margadhluach arna choigeartú ag caolchorrlach	Glao ar éarlaisí
21.9.2022	Príomhathmhaoiniú	21.9.2022	28.9.2022	1,25	50 000 000	—	50 000 000	49 750 000	Not applicable	50 129 294	
22.9.2022	Príomhathmhaoiniú	21.9.2022	28.9.2022	1,25	50 000 000	1 736	95 001 736	94 526 727	Not applicable	94 939 876	
	Athmhaoiniú níos fadtéarmaí	22.9.2022	21.12.2022	1,25	45 000 000	—					
23.9.2022	Príomhathmhaoiniú	21.9.2022	28.9.2022	1,25	50 000 000	3 472	95 005 035	94 530 010	Not applicable	93 581 138	– 1 423 897
	Athmhaoiniú níos fadtéarmaí	22.9.2022	21.12.2022	1,25	45 000 000	1 563					
26.9.2022	Príomhathmhaoiniú	21.9.2022	28.9.2022	1,25	50 000 000	8 681	95 014 931	94 539 856	Not applicable	95 420 556	
	Athmhaoiniú níos fadtéarmaí	22.9.2022	21.12.2022	1,25	45 000 000	6 250					
27.9.2022	Príomhathmhaoiniú	21.9.2022	28.9.2022	1,25	50 000 000	10 417	95 018 229	94 543 138	Not applicable	95 350 464	
	Athmhaoiniú níos fadtéarmaí	22.9.2022	21.12.2022	1,25	45 000 000	7 813					
28.9.2022	Príomhathmhaoiniú	28.9.2022	5.10.2022	1,25	35 000 000	—	80 009 375	79 609 328	Not applicable	79 800 610	

	Athmhaoiniú níos fadtéarmaí	22.9.2022	21.12.2022	1,25	45 000 000	9 375					
29.9.2022	Príomhathmhaoiniú	28.9.2022	5.10.2022	1,25	35 000 000	1 215	80 012 153	79 612 092	Not applicable	79 759 483	
	Athmhaoiniú níos fadtéarmaí	22.9.2022	21.12.2022	1,25	45 000 000	10 938					

([1]) I gcóras comhthiomsaithe, is ionann an méid truicir is ísle agus an tairseach is ísle le haghaidh glaonna ar éarlaisí. Go praiticiúil teastaíonn comhthaobhacht bhreise ón gcuid is mó de na BCNanna aon uair a thiteann luach margaidh coigeartaithe caolchorrlaigh den chomhthiomsú comhthaobhachta faoi bhun an mhéid iomláin atá le cumhdach.

([2]) I gcóras comhthiomsaithe, níl an coincheap de mhéid truicir uachtarach ábhartha, ós rud é go ndíreoidh an contrapháirtí i gcónaí ar mhéid níos nó ná an chomhthaobhacht a sholáthraítear d'fhonn idirbhearta oibríochta a íoslaghdú."